Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Aighneacht

maidir le dréachtú an dara scéim

faoi réir Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

chuig Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann

Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae

Thiobraidh Árann

Márta 2010

Réamhrá

Is í Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge lár-chomhairle phobal na Gaeilge. Léirítear príomhchuspóir na Comhdhála trína Ráiteas Misin “bá agus tacaíocht don Ghaeilge mar bheotheanga agus cumas inti a neartú agus a bhuanú le go mbeidh sí á húsáid go saoráideach agus go forleathan i ngach gné de shaol mhuintir na hÉireann.”

Bunaithe i 1943, feidhmíonn an Chomhdháil mar scátheagraíocht ar na heagrais dheonacha Gaeilge agus thar ceann phobal na Gaeilge ar mhaithe leis an gcuspóir náisiúnta an Ghaeilge a athbheochan. Tá 24 balleagraíocht sa Chomhdháil ó mhór-réimsí uile na hearnála. Is í feidhm don Chomhdháil na heagraíochtaí Gaeilge agus cairde eile na teanga a chomhdhlúthú d'fhonn comhpháirtíocht thorthúil a chinntiú trí chumarsáid a chothú agus aontú ar phríomh spriocanna oibre na Comhdhála.

Tá spéis ar leith ag eagraíochtaí na Comhdhála i stádas na Gaeilge agus go háirithe sa chás go bhfuil feidhm á tabhairt don stádas sin i reachtaíocht na tíre. Fáiltíonn Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge roimh an deis seo tuairimí a chur faoi bhur mbráid faoin ndréacht-scéim atá beartaithe ag **Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann.** Is ag díriú ar phríomh-thosaíochtaí scéime atá ár mholtaí leagtha amach.

Cé go n-aontaíonn an Chomhdháil leis na treoirlínte a d’eisigh an tAire faoi Alt 12 den Acht, tá tábhacht ar leith ag baint le Alt 18(2) den Acht ina leagtar béim ar ‘bhearta breise a chur i ngníomh chun stádas teanga oifigiúla a chur chun cinn’ laistigh d’Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann. Tá sé den riachtanas go bhfeidhmeoidh Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann dá réir ag tógáil ar a laghad san áireamh taithí na comhlachtaí poiblí eile atá tar éis scéim a chur i gcrích le blianta beaga anuas agus tréithe na scéimeanna agus bearta teanga eile rathúla.

Tá breis eolais faoi obair na Comhdhála le fáil ag www.gaelport.com.

Comhthéacs na Scéime

Is Comhlacht Poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 í Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann atá freagrach as réimse leathan seirbhísí a chur ar fáil don phobal ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá iomlánú ar shainfhreagrachtaí Údaráis Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann Sonraí ar a suíomh idirlín mar atá eolas faoi –

- Phleanáil,
- Chomhshaol,
- Mótarcháin,
- Seirbhísí uilig an Údaráis,
- Foirmeacha an Údaráis,
- Sonraí teagmhála an Údaráis,

Soláthrófar seirbhísí d'ardchaighdeán as Gaeilge agus/nó go dhátheangach agus cuirfear custaiméirí ar an eolas maidir leis an gceart a bheidh acu seirbhís a fháil trí cheann amháin nó ceann eile de na teangacha oifigiúla.'

(Plean Gnímh Custaiméirí na Comhairle 2005- 2009, lth 7)

Deimhnítear ról lárnach Údarás Áitiúla Thiobraidh Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann i leith na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé tábhachtach go léireodh an tÚdarás an ról sin tríd síos a gníomhaíochtaí agus ag gach leibhéal den chliarlathas san Údarás. Chuige sin, molann an Chomhdháil teachtaireacht a fháil ón Méara agus ón mBainisteoir Contae le cur i scéim teanga an Údaráis chun tacaíocht don teanga agus d'fheidhmiú na scéime a léiriú ón mbarr anuas.

Timpeallacht dátheangach a chruthú

Creideann an Chomhdháil go bhfuil iomhá chorparáideach dhátheangach an-tábhachtach do chomhlachtaí poiblí chun seirbhisí dátheangach a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go mbeadh an timpeallacht in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh agus Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann fáilteach dóibh siúd gurb í an Ghaeilge a dteanga

dúchais nó a rogha teanga cumarsáide. Molann an Chomhdháil go neartófaí tacaíocht don chultúr agus don Ghaeilge i gcoitinne san Údarás (féach **4 & 5** thíos). Tá sé tábhachtach go bhfuil seirbhís dhátheangach á sholáthar ag an Údarás agus an Comhchoiste Leabharlann agus go bhfuil an tseirbhís sin soiléir do mhuintir an Údaráis agus don phobal araon. Le go mbeidh éifeacht ag an scéim ní mór go gcuimseodh sí seirbhís den scoth a sholáthar do phobal na Gaeilge bunaithe ar Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS).

Molann an Chomhdháil pobal labartha na Gaeilge a chumasú laistigh d'Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh agus Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann cainteoirí dúchasacha agus daoine atá líofa sa Ghaeilge i measc na foirne agus iad a spreagadh chun feidhmiú trí mheán na Gaeilge (féach **5(x)** thíos). Chuirfeadh seo go mór le cumas an Údaráis Alt 12(2)(c) den Acht a chomhlíonadh agus '*a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo.*'

Maidir le suíomh idirlín an Údaráis agus suíomh an chomhchoiste leabharlann, aithnítear go bhfuil dul chun cinn ar chruthú suíomh dátheangach déanta tríd an chéad scéim agus déanann an Chomhdháil comhghairdeas don Údarás agus don Chomhchoiste Leabharlann as sin a bhaint amach. Moltar go ndéanfá forbairt ar an suíomh sa chaoi is go mbeidh an leagan Gaeilge chomh feiceálach leis an leagan Béarla i gcónaí. Tá sé tábhachtach go mbeidh suíomh idirlín an Údaráis agus an Comhchoiste Leabharlann go hiomlán dátheangach agus molann an Chomhdháil próiséas céimiúil a chur i bhfeidhm le hábhar iomlán an tsuímh á chur ar fáil go dátheangach dá gcustaiméirí. (féach alt **13** thíos)

Ba chóir go mbeadh dul chun cinn i leith na Gaeilge in Údarás Áitiúla Thiobraid Arann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann bunaithe ar struchtúir agus córais tacaíochta don chur i bhfeidhm seachas go mbeadh an dul chun cinn sin ag brath ar dhaoine áirithe. Molann an Chomhdháil áiseanna tacaíochta teanga a chur ar fáil don fhoireann ar líonra inmheánach an Údaráis ionas gur féidir leis an bhfoireann cruinneas a chinntiú in úsáid na Gaeilge ina ngnó laethúil. Áiritear i measc na n-áiseanna

tacaíochta sin - cnuasach téarmaíochta, samplaí de litreacha caighdeánacha i mBéarla agus i nGaeilge, liosta beannachtaí, an foclóir leictreonach *wingleacht*, treoracha agus seicliostaí d'ullmhú cáipéisí go dátheangach agus do chur i gcrích obair ar bhonn dátheangach (Féach **6** thíos).

Cé nach bhfuil Gaeltach i dTiobraid Árann Thuaidh tuigtear gurab í an Ghaeilge rogha teanga roinnt dá chuid shaoránach. Tá roinnt Gaelscoileanna/Gael Choláistí sa Chontae. Bhí Aonach Urmhumhan mar Bhuaiteoirí na n-Duaiseanna Náisiúnta sa Chomórtas Glór na nGael i 1997 – i dteannta le Durlas Éile i 1965 agus i 1966. Bhí an tionscnamh Tiobraid Arann ag labhairt mar chuid tábhachtach de ardú céime agus forbairt teanga na Gaeilge sa Chontae agus tá líon grúpaí gníomhach i dteanga na Gaeilge mórthimpeall an Chontae.

(Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraidh Árann 2007-2010, lth 13)

Molann Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge go bhforbrófaí scéim teanga faoin Acht Teanga atá réadúil ach dúshlánach, a léiríonn go n-aithníonn an tÚdarás a ndualgais agus a ról i leith na Gaeilge, go n-úsáidfí an scéim chun eiteas an Údaráis i leith na Gaeilge a neartú agus go ndeimhneodh sí go bhfeidhmeoidh an tÚdarás go dílis de réir an Achta agus de réir spioraid an Achta chomh maith.

An Comhthéacs Reatha

De réir An Coimisinéir Teanga;

'Is buanchearta iad cearta teanga; ní lamháltais ná pribhléidí iad a thugtar le linn aimsir na flúirse. Níl luach níos lú leis an gcoincheap a bhaineann le cearta agus le comhionannas nuair is i gcomhthéacs teanga é'

(Ó Cuirreáin, 2009)

Aithnítear go bhfuil cúinsí geilleagracha deacra ann faoi láthair, agus go mbeidh ar gach Comhlacht Poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí gearr-, meán- agus

fadtéarma dá réir. Is gá, ar an mbonn sin, d'eagraíochtaí Stáit bealaí a aimsiú chun costais a smachtú gan laghdú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí d'ardchaighdeán trí Ghaeilge. Chuige sin, moltar barainneachtaí an mhórscála a úsáid níos fearr chun acmhainní/áiseanna a ullmhú agus luach níos fearr ar airgead a sholáthar trí, mar shampla:

- seirbhísí ar-líne agus as seirbhísí idirlín a sholáthar don phobal oiread agus is féidir,
- Ábhair dhátheangaigh don phobal a fhoilsiú go leictreonach seachas i bhfoirm chlóite,
- Foireann dátheangach a earcú, i. foireann le cumas i nGaeilge agus i mBéarla seachas daoine le cumas i dteanga amháin,
- Comhoibriú breise idir eagraíochtaí gaolmhara agus iad ag forbairt a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge.

Aighneacht

Éilíonn an tiomantas do Sheirbhís Chustaiméirí ar Ardchaighdeán (QCS) mar chuid de Phróiseas Nuachóirithe na Seirbhíse Poiblí tiomantas ar leith ó chomhlachtaí poiblí maidir le feabhas leanúnach a dhéanamh ar chaighdeáin cúram custaiméirí, ar sheirbhísí agus ar chomhchomhairle le custaiméirí chun na críche sin.

Ní leor do chomhlachtaí poiblí freastal ar riachtanais teanga an phobail amháin (féach **alt 3 - Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh** thíos). **Ní mór do gach comhlacht poiblí éileamh ar sheirbhísí a chothú agus an phobal urlabhra a spreagadh.**

Tá gá le próiseas chomhchomhairle leathnaithe chomh maith a chuimsíonn suirbhéanna chustaiméirí, foireann an Údaráis agus pobal na tíre ina measc, agus grúpaí fócais rialta chun tuiscint a fháil ar mhianta an phobail agus chun freastal a dhéanamh dá réir.

Tá Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge sásta aon chabhair a thabhairt don Údarás chun an próiseas sin a chur i gcrích.

Moltaí

1. **Staid Reatha in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann.**

   Moltar go ndéanfaidh Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann cur síos ar a chustaiméirí, a seirbhísí agus a ghníomhachtaí ar nós mar atá leagtha amach sa treoirleabhair faoi Alt 15 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 & 2003.*

   Moltar go ndéanfaí cur síos cuimsitheach faoin gceannteidil *Achoimre ar Sheirbhísí agus Ghníomhaíochtaí na hEagraíochta* ar:

   - na seirbhísí trí Ghaeilge a bhí ar fáil roimh theacht i bhfeidhm na chéad scéime,
   - mar a cuireadh leis na seirbhísí sin de réir thosaíochta trí fheidhmiú na chéad scéime, agus
   - mar a chuirfear leis na seirbhísí atá ar fáil céim ar chéim anois sa dara scéim.

   Leagfaidh an tÚdarás spriocanna cinnte síos agus amscála chun iad a bhaint amach. Léireoidh an tÚdarás córas measúnaithe a dhéanfaidh seachadadh na seirbhíse a mheas agus a chinnteoidh go n–aithneofar céimeanna feabhais agus lorgóidh an tÚdarás aischothú leanúnach ón bpobal ar fheidhmiú na Scéime agus beidh cur síos ar an gcóras sin ríofa amach sa Scéim (féach **Alt 16** thíos chomh maith).

2. **Cumas dátheangach in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann.**

   Is é is bunsprioc don scéim ná cumas dhátheangach a fheabhsú in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann ar

mhaithe le seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil don phobal. Ní mór na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus cumas dátheangach san Údarás á chur chun cinn:

- Ba chóir meon dearfach ón mbarr anuas a bheith ag Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann i leith an dátheangachais.
- Bá chóir stádas cothrom a thabhairt don Ghaeilge agus don Bhéarla i ngach gné d'obair an Údaráis.
- Ní mór a chinntiú go mbeidh sé mar aidhm ag an Údarás an Ghaeilge a chothú go hinmheánach i measc na foirne, agus go seachtrach trí fhreastal ar riachtanais na gcustaiméirí.
- Go gcaithfí go comhionann leis an nGaeilge agus leis an mBéarla agus nach mbeadh saoránach ar bith faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar an teanga a roghnódh sé nó sí.

Moltar go ndéanfaí taighde ar na hábhair seo a leanas mar thúsphointe ar fhorbairt riaracháin dátheangach san Údarás agus mar bhunús d'fhorbairt ar chlár oiliúna sa Ghaeilge agus sa bhFeasacht Teanga d'fhostaithe an Údaráis:

- Líon na gcainteoirí dátheangacha;
- Líon na gcainteoirí dátheangacha le cumas scríbhneoireachta dhátheangach;
- Líon na bhfostaithe le líofacht sa Ghaeilge;
- Líon na bhfostaithe le Gaeilge labhartha líofa ach gan ardchaighdeán scríofa a bheith acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí a bhfuil Gaeilge labhartha líofa ar a gcumas acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí a bhfuil Gaeilge labhartha agus scríofa ar a gcumas acu;
- Líon na bhfoghlaimeoirí nach bhfuil de mhisneach acu seirbhís a sholathar trí Ghaeilge faoi láthair;
- Líon na bhfostaithe gan Ghaeilge.

Is cuid lárnach de ghnó na Rannóige Acmhainní Daonna agus Aonad Oiliúna an Údaráis an taighde inmheánach seo a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach d'Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann inniúlacht teanga reatha na bhfostaithe san Údarás a mheas le go mbeifear in ann riachtanais oiliúna a shainaithint agus plean dátheangach fadtéarmach a leagadh amach dá réir mar chuid de Straitéis Chumarsáide an Údaráis.

Aithnítear go bhfuil méadú tagtha ar an líon foirne atá inniúil sa Ghaeilge agus atá toilteanach feidhmiú trí Ghaeilge ó chuireadh an chéad scéim i bhfeidhm toisc na hidirghabhálacha oiliúna agus tacaíochtaí eile atá curtha ar fáil ag Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann. Ní mór aon méadú atá tagtha ar líon na bhfostaithe le cumas dátheangach ó chuireadh an chéad scéim i bhfeidhm a áireamh sa dara scéim.

Moltar cur síos a dhéanamh sa scéim ar na hidirghabhálacha oiliúna atá beartaithe chun líon na bhfostaithe le cumas dátheangach atá inniúil agus toilteanach seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge a mhéadú. Ní mór an nasc idir cumas dátheangach na foirne agus feabhas i meoin agus i gcaighdeán na seirbhísí atáthar ag soláthar trí Ghaeilge a léiriú chomh maith.

3. Tairiscint ghníomhach agus cothú éilimh

De réir Alt 27 den Chúnta Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla,

'In those States in which ethnic, religious or linguistic minorities exist, persons belonging to such minorities shall not be denied the right, in community with the other members of their group, to enjoy their own culture, to profess and practice their own religion, or to use their own language.'

[http://www.unhchr.ch/tbs/doc.nsf/0/fb7fb12c2fb8bb21c12563ed004df111?Opendocument]

Tugtar feidhm don sliocht thuas i gcomhthéacs na scéime trí saor-rogha teanga a chur ar fáil don phobal agus iad ag plé le hÚdarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann. Tá sé tábhachtach, ar an mbonn sin, go dtógfaidh an tÚdarás na nithe seo a leanas san áireamh sa scéim:

(i) Ní leor d'Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann freastal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Tá de dhualgas ar an Údarás éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chothú i gcónaí.

(ii) Tá sé den riachtanas go mbeadh a fhios ag an bpobal go bhfuil seirbhísí i nGaeilge á dtairiscint ag an Údarás, go bhfuil na seirbhísí sin ríofa amach go soiléir agus go bhfuil fíor fháilte roimh an bpobal na seirbhísí sin a úsáid. Is tús a bheadh anseo do chleachtas saol dá dtabharfaí faoi i gceart agus go dearfach.

(iii) Ní mór a chinntiú go ndeimhníonn gach fianaise fhisiciúil in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann, gurb ionad oibre dátheangach atá ann. Cuireann sé seo go mór le híomhá dearfach Ghaeilge an Údaráis.

(iv) Sa chaoi seo tugtar tairiscint dearfach go bhfuil mar aidhm leis an gcustaiméir a chur ar a s(h)uaimhneas agus seirbhísí i nGaeilge á lorg.

Ní mór a chinntiú go bhfuil forbairt leanúnach ag teacht ar na seirbhísí trí Ghaeilge a chuirtear ar fáil, agus poibliú a dhéanamh orthu dá réir.

4. Inniúlacht Gaeilge an Údaráis a fheabhsú

Molann an Chomhdháil go gcuirfear comhairle ar bhaill foirne maidir le raon na gcúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán atá ar fáil (m.sh Teastas Eorpach na Gaeilge www.teg.ie, Teastas/Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach á sholáthar ag Institiúidí triú leibhéal).

Moltar chomh maith go gcuimseofar feasacht teanga mar chuid de na cúrsaí oiliúna Seirbhíse Ionduchtaithe agus Custaiméirí araon lena chinntiú go dtuigeann baill foirne impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tionchar an Achta ar a gcuid oibre.

Tá sé tábhachtach go sainaithnítear baill foirne atá toilteanach seirbhís a sholáthar don phobal trí mheán na Gaeilge agus go gcuirfear liosta ar fáil d'fhoireann an Lasc-chláir Láir d'ainmneacha na mball foirne sin chun cabhrú le custaiméirí ar mhian leo a ngnó a dhéanamh leis an Údarás trí mheán na Gaeilge.

5. Im-fhálú ar phoist – Polasaí Socrúcháin agus Polasaí Earcaíochta

(i) Iarrtar go mbeidh feidhmeannach/oifigeach amháin ar a laghad ainmnithe agus dualgas air/uirthi seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil ó **gach rannóg** de chuid an Údaráis a bhíonn ag plé leis an bpobal, i. na rannóga riaracháin, agus go bhfoilseofar ainmneacha agus sonraí teagmhála (uimhir gutháin, seoladh r-phoist, srl.) na bhfostaithe sin.

(ii) Ní mór a chinntiú go bhfuil an fáilteoir/oibrí malartáin inniúil sa Ghaeilge le gur féidir leis/léi déileáil le glaonna trí Ghaeilge go héifeachtach.

(iii) Ba cheart go mbeadh an Ghaeilge aitheanta mar riachtanas do na poist thuasluaite agus foireann á earcú. Ní mór an riachtanas sin a lua i ngach fógra poist lena mbaineann. Ba cheart leis go mbeadh an tÚdarás sásta córas oiliúna a chur ar fáil go hinmheánach nó go seachtrach dá bhfostaithe chun freastal ar an iarratas thuas.

(iv) Beidh iarrthóirí in ann cur isteach ar phost trí Ghaeilge nó trí Bhéarla agus beidh siad in ann agallamh a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo.

(v) De réir mar a chuirtear scéim an Údaráis i bhfeidhm cuirfear leis na seirbhísí atá á sholáthar trí Ghaeilge ar bhonn céimiúil. Ní mór a chinntiú go mbíonn deiseanna ardaithe céime ar fáil do na daoine atá i mbun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge, mar aitheantas don seirbhís atá á chur ar fáil acu agus lena saineolas a chinntiú don eagraíocht sa réimse chéanna amach anseo.

(vi) Tá sé den riachtanas go gcuirtear córais mhonatóireachta agus athbhreithnithe chuí i bhfeidhm san Údarás lena chinntiú go bhfuil an soláthar seirbhíse ar chomhchaighdeán i nGaeilge agus i mBéarla.

(vii) Ní mór do Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann deimhniú a thabhairt ar ról na bhfostaithe, iad siúd atá ag plé leis an bpobal maraon leo siúd nach mbíonn ag plé go díreach leis an bpobal, i gcur chun cinn na Scéime/Gaeilge san Údarás.

(viii) Iarrtar go mbeidh Cairt eagraíochta a léiríonn cé hiad na fostaithe atá toilteanach agus oilte le seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.

(ix) Tá de cheart ag fostaithe an Údaráis an Ghaeilge a úsáid go hinmheánach. Chuige sin, beidh athbhreithniú rialta ar an gcóras riaracháin chun a chinntiú go mbeidh deis ag baill foirne ar mhaith leo nó atá toilteanach obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge sin a dhéanamh mar ghrúpa/aonad.

(x) Molann an Chomhdháil líonra de Ghaeilgeoirí a chruthú san Údarás, iad a chur in aithne ar a chéile agus iad a spreagadh chun feidhmiú trí Ghaeilge chun meabhraíocht na Gaeilge a neartú san Údarás

(xi) Spreagfaidh Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann na fostaithe atá líofa i nGaeilge agus na fostaí atá ag foghlaim Gaeilge suaitheantais a chaitheamh a chuireann in iúil don phobal gur féidir leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge leo.

(xii) Moltar aistritheoir inmheánach a earcú agus a cheapadh san Údarás chun a chinntiú go mbeidh fáil ar ábhar foilsithe go comhuaineach dátheangach – m.sh. preasráitis.

Aithníonn an Chomhdháil go bhfuil bac ar earcaíocht i bhfeidhm sa tSeirbhís Poiblí faoi láthair agus nach mbeidh ar chumas an Údaráis aon ghealltanas ar leith a dhéanamh maidir le hearcú foirne breise dá bharr.

Aithnítear chomh maith nach mbeidh an bac ar earcaíocht ann i gconaí. Ta deis ann d'Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae

Thiobraid Árann pleanáil go córasach chun seirbhisí feabhasaithe trí Ghaeilge a sholáthar le líon laghdaithe foirne trí fheidhmiú na scéime nua.

6. Ról Oifig na Gaeilge / Oifigeach Gaeilge

Molann an Chomhdháil go gceapfaí Oifigeach Gaeilge agus go bhforbrófaí Oifig na Gaeilge san Údarás. Léiríonn taithí na gComhlachtaí Poiblí i gcoitinne go bhfuil ról an Oifigigh Gaeilge rí-thabhachtach do chur i bhfeidhm na scéime teanga, chomh maith le tacaíocht agus úinéireacht ag gach leibhéal bainistíochta san eagraíocht. Is gá, dá réir, go n-aithníonn gach rannóg san Údarás an tábhachtach a bhaineann le ról an oifigigh Gaeilge agus go dtugann gach tacaíocht don Oifigeach sin.

Tá sé tábhachtach nach dtitfeadh dualgais breise, lena n-áirítear aistriúcháin, ar an Oifigeach Gaeilge ach go mbeadh feidhm faoi leith ag an Oifigeach Ghaeilge. Tá tábhacht ar leith ag baint le ról Oifig na Gaeilge a fhorbairt sna réimsí seo leanas:

- polasaithe Gaeilge an Údaráis a cheapadh,
- Ranganna Gaeilge a eagrú agus a chur ar fáil mar is gá d'fhoireann an Údaráis,
- Clár sóisialta agus ealaíon a eagrú a chuireann le húsáid na Gaeilge i gceannárais an Údaráis,
- feiceálacht na Gaeilge a neartú agus deiseanna a sholáthar don fhoireann ar mhian leo an Ghaeilge a fhoghlaim agus í a labhairt,
- promhadh ó thaobh na teanga de ar pholasaithe eile an Údaráis agus ar ghníomhaíochtaí uile an Údaráis, agus
- monatóireacht ar chomhlíonadh na ngealltanais sa scéim agus ar fhorálacha eile an Achta Teanga.

Chuige sin, ní mór go mbeadh ionadaí ó Oifig na Gaeilge i láthair ag cruinnithe de Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an Údaráis leis an ról molta thuas a chomhlíonadh.

Molann an Chomhdháil go mbeidh sé mar chuid de ról oifig na Gaeilge, áiseanna tacaíochta teanga a chur ar fáil don fhoireann an Údaráis chun iad a chumasú agus a mhisniú le seirbhísí a sholáthar.

7. Rochtain ar cháipéisí

Beidh sé mar aidhm againn gach foirm iarratais agus gach doiciméae míniúcháin a chur ar fáil i nGaeilge.'

(Plean gnímh custaiméirí na Comhairle 2005 - 2009, lth 9)

Is gá go mbeadh gach foirm atá le húsáid ag an bpobal ar fáil gan dua go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Moltar go bhfoilseofar foirmeacha iarratais, bróisiúir eolais, agus cáipéisíocht uile an Údaráis go dátheangach taobh istigh den chlúdach céanna de réir an dea-chleachtais. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh is gá próiseas a bheith ann lena chinntiú go bhfuil rochtain comhchosúil ar an dá leagan den cháipéis chéanna.

8. Stáiseanóireacht

Ní mór don Údarás cloí leis na rialacháin faoi Alt 9 (1) agus a dheimhniú gurbh é polasaí an Údaráis go mbeidh an ceannteidil stáiseanóireachta i nGaeilge nó go dátheangach. Ba cheart go mbeadh, mar chuid den pholasaí, an téacs i nGaeilge agus i mBéarla ar chomhmhéid, leis an téacs i nGaeilge in uachtar. Sa chás go bhfuil gá aon idirdhealú a dhéanamh ba chóir forlámhas a bheith ag an leagan Ghaeilge.

9. Comharthaí

Ní mór don Údarás cloí leis na rialacháin faoi Alt 9 (1) agus a dheimhniú gurbh í an leagan cruinn Gaeilge de na logainmneacha áitiúla atá in úsáid i gcónaí.

10. Tríú Pháirtithe

Beidh téarmaí na scéime seo mar choinníoll dóibh siúd atá ag obair thar ceann an Údaráis faoi chonradh nó mar fho-chuideachta.

Comhlíonfaidh aon chomhaontú nó socrú idir Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann agus tríú páirtí téarmaí na scéime seo – aon seirbhís a dháiltear amach ar chonradh san áireamh. Beidh ar chonraitheoir monatóireacht a dhéanamh ar aon soláthar seirbhíse agus tuairisciú don Údarás dá réir. Ní mór a dheimhniú go bhfuil an coinníoll riachtanach seo leagtha amach go soiléir i gcáipéisí dlíthairiscint.

11. Scaipeadh Eolais ar an bPobal

Sa chás go mbíonn eolas le roinnt ar an bpobal i gcoitinne, m.sh. i bhfoirm cor-phost, moltar córas a chur i bhfeidhm san eagraíocht lena chinntiú nach ndéantar failí ar riachtanais lucht labhartha na Gaeilge – ‘sé sin le rá go n-éisítear an t-eolas go dátheangach.

12. Cruinnithe Poiblí

Moltar go mbeadh oifigigh in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann ar an airdeall faoi shainriachtanais lucht labhartha na Gaeilge agus muintir na Gaeltachta araon ach go háirithe sa chás go mbíonn cruinniú poiblí le heagrú.

Ba chóir go mbeadh córas ann lena dheimhniú go n-eisítear na fógraí agus aon phoiblíocht eile faoi na cruinnithe poiblí go dátheangach. Ní mór a dheimhniú go gcuirtear fáilte roimh rannpháirtíocht i nGaeilge agus i mBéarla ag na cruinnithe poiblí a eagraíonn Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann.

13. Láithreán Gréasáin

Is minic a úsáidtear suíomh gréasáin mar phríomhphointe teagmhála le hÚdarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann. Is gá go mbeadh leagan Gaeilge den suíomh gréasáin ar fáil a chuireann eolas ar fáil don phobal go hiomlán dátheangach scáthach agus go mbeidh malartú teanga soiléir ar na leathanaigh.

Tá eolas cuimsitheach ar réimsí oibre uile an Údaráis agus an Comhchoiste Leabharlann ar fáil ar na suíomhanna gréasáin. Ní mór d'Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann a leanúint lena bpolasaí / plean oibre maidir le suíomh dátheangach a fhorbairt go céimiúil ag tosú leis na míreanna seasta lena n-airítear:

- tuarascálacha agus foilseacháin eile,
- polasaithe an Údaráis/an Chomhchoiste,
- rialacha an Údaráis/an Chomhchoiste,
- foirmeacha iarratais, agus
- ábhar eile inathraithe m.sh. preaseisiúintí.

Is gá go mbeidh córas aontaithe i bhfeidhm do chrochadh eolas nua ar shuíomh an Údaráis agus an Comhchoiste Leabharlann ar mhaithe le go mbeidh fáil go héasca ar eolas i nGaeilge agus i mBéarla maidir le príomhghníomhaíochtaí an Údaráis/an Chomhchoiste.

14. Plean Straitéiseach Údaráis Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann.

Is gá go dtógfaí san áireamh riachtanais phobal labhartha na Gaeilge in aon leasuithe a dhéantar ar Phlean Straitéiseach an Údaráis.

15. Forbairt na Gaelscolaíocht

Moltar go gcuirfí forbairt na gaelscolaíochta san áireamh in aon phleanáil forbartha atá ar siúl ag an eagraíocht, go háirithe i gcomhthéacs:

- Gaelchampas a chruthú, a oiread agus is féidir, le níos mó ná ionad gaelscolaíochta amháin ar an gcampas céanna.
- Forbairt seirbhísí cúraim leanaí lán-Ghaeilge idir naíonraí agus naíolainn lán-Ghaeilge a thógáil san áireamh sa phleanáil seo.

16. Córas Measúnaithe

Moltar go:

i) mbunófaí structúr cuntasachta do chur i bhfeidhm na scéime, agus go leagfaí síos plean(anna) gníomhaíochta dá réir.

ii) ndéanfaí measúnacht tionchair chomhionannais maidir le cur chun cinn na Gaeilge faoin scéim lena chinntiú go mbeidh tairbhe ag baint le gach gealltanas faoin scéim do gheallsealbhóirí uile an Údaráis.

iii) Leagfaidh an tÚdarás spriocanna cinnte síos, amscála len iad a bhaint amach, agus ainmneofar rannóg a bheidh freagrach as faireacháin a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime agus a dhéanfaidh tuairisciú ar dhul chun cinn faoin Scéim don mbainistíocht shinsearach.

iv) Léireoidh an tÚdarás córas measúnaithe a dhéanfaidh seachadadh na seirbhísí a mheas agus a chinnteoidh go n-aithneofar céimeanna feabhais.

v) Lorgóidh an tÚdarás aischothú leanúnach ón bhfoireann, agus ón bpobal ar fheidhmiú na Scéime agus beidh cur síos ar an gcóras sin ríofa sa scéim.

vi) go mbeidh córas gearáin soiléir leagtha amach ag an Údarás chun déileáil le gearáin ón bpobal i gcás aon easnamh sna seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge.

vii) Nuair nach bhfuil an tseirbhís dhátheangach ar chaighdeán sásúil, beidh sé tábhachtach go leagfaidh an tÚdarás amach na céimeanna atá siad le glacadh chun réiteach a fháil ar an bhfadhb.

Ní mór a thógáil san áireamh nach ionainn easpa gearáin agus deimhniú ar chaighdeán na seirbhísí atáthar á sholáthar. Moltar nach leagfaí líon na ngearáin

síos mar tháscaire feidhmíochta don Scéim. Tá gá le aischothú a bhailiú go gníomhach ó chustaiméirí le caighdeán seirbhísí faoin Scéim a dheimhniú.

17. Poiblíocht ar an Scéim Comhaontaithe

(i) Moltar go mbeidh an pobal curtha ar an eolas faoin Scéim Teanga atá ag an Údaras agus na haidhmeanna lena mbaineann trí:

- Preasráiteas;
- Seoladh oifigiúil na Scéime;
- Fógraíocht rialta;
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí cuí;
- Láithreán Gréasáin

(ii) Tá sé den riachtanas go mbeidh cóip den Scéim Teanga curtha ar fáil do gach fostaí in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann. Moltar nóta ón ón Méara agus ón mBainisteoir Contae a scaipeadh chomh maith ag cur in iúl go bhfuil sé mar dhualgas ar gach fostaí, idir Bhearlóirí agus Gaeilgeoirí araon, an Scéim a chur i bhfeidhm. Ní mór seisiúin eolais inmheánacha, d'fhoireann an Údaráis, a eagrú le go mbeidh gach fostaí ar an eolas faoi phríomhbheartais na Scéime.

18. Monatóireacht agus Tuairisciú ar dhul chun cinn

(i) Ba cheart go bhfoilseofaí na tuairiscí ar dhul cinn a cuirtear faoi bhráid Choiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) an Údaráis go tráthúil.

(ii) Ba cheart go gcuirfí tuairisc bhliantúil ar fáil don phobal maidir le dul chun cinn feidhmiú na scéime agus go bpoibleofaí an tuairisc sin go forleathan.

(iii) Ba cheart go mbeadh an dul chun cinn faoin gcéad scéim mar thúsphointe tuairiscithe sa dara scéim agus go léireofaí go soiléir sa chaoi seo go bhfuil an tÚdarás ag saothrú chun feabhais trí Ghaeilge.

19. Forálacha an Achta Teanga

Tá beartas eile i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh & Comhchoiste Leabharlann Chontae Thiobraid Árann lena chinntiú go gcomhlíontar fhorálacha uile an Acht Teanga, lena n-áirítear cáipéisí áirithe a fhoilsiú go dátheangach de réir Alt 10 den Acht. Cé nach bhfuil aon riachtanas ann go ndéantar tuairisciú ar chomhlíonadh fhorálacha an Achta sa scéim, moltar don Údarás léiriú ar bhonn dearfach go bhfuil sí ar an airdeall faoi na freagrachtaí reachtúla eile maidir le feidhmiú an Achta trí thuairisciú ar na bearta atá curtha i gcrích leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh.

<u>Focal Scoir</u>

Is mian le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge béim ar leith a chur ar an riachtanas go gcuirfear seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil don phobal le dea-thoil. Tá sé fíor-thábhachtach go gcuirfí an fhoireann agus an pobal ar an eolas go rialta faoi na seirbhísí céanna mar léiriú ar thiomantas an Údaráis maidir le freastal ar riachtanais an phobail, agus éileamh a chothú do sheirbhísí an Údaráis agus an pobal urlabhra a spreagadh chun leas níos mó a bhaint as na seirbhísí sin chomh maith.

Achoimre

De réir an dea-chleachtais, is iad seo a leanas na ceimeanna riachtanacha chun scéim teanga rathúil a cheapadh agus a chur i bhfeidhm -

- Go bhfuil pleanáil agus anailís déanta ag an Údarás ar a cumas gealltanais reachtúla a sheachadadh, ag tabhairt aird ach go hairithe ar chostas agus riachtanais acmhainní daonna na heagraíochta.
- Go nglacann ardbhainistíocht, bainistíocht líne, agus foireann an Údaráis úinéireacht ar an scéim teanga.
- Go n-ullmhaítear plean forfheidhmithe leis na hacmhainní cuí ar fáil.
- Go mbunaítear struchtúr feiliúnach forfheidhmithe agus tuairiscithe ar dhul chun cinn.
- Go n-aontaítear straitéis cumarsáide chun gealltanais na scéime a chur in iúl don fhoireann chuí atá ceaptha iad a chur i bhfeidhm.
- Go bhforbraítear córas monatóireachta feiliúnach.
- Go dtugtar tacaíocht don fhoireann nach labhraíonn Gaeilge – trí oiliúint sa bhfeasacht teanga a sholáthar do chách go tráthrialta.
- Go dtugtar treoir soiléir d'fhoireann na heagraíochta maidir leis na dualgais faoin Acht Teanga.
- Go bhfeidhmítear plean margaíochta do sheirbhísí dátheangach chun éileamh ar na seirbhísí sin a fhorbairt.
- Go ndéantar pleanáil reamhghníomhach don solathar seirbhíse trí Ghaeilge.